*Uimhir* 6 *de* 1997

# Acht na gCúirteanna, 1997

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 6 *de* 1997

**ACHT NA gCÚIRTEANNA, 1997**

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


Alt

1. Alt 9 d'Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995 a aisghairm agus alt nua a chur ina ionad.

2. Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.

Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995 | 1995, Uimh. 31 |
| Achtanna na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 go 1996 | |
| An tAcht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975 | 1975, Uimh. 3 |

*Uimhir* 6 *de* 1997

# ACHT NA gCÚIRTEANNA, 1997

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ ACHT NA gCÚIRTEANNA AGUS NA nOIFIGEACH CÚIRTE, 1995, DO MHÉADÚ LÍON NA nGNÁTHBHREITHIÚNA DEN ARD-CHÚIRT, AGUS CHUN CRÍOCH GAOLMHAR.

[20 *Márta* 1997]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Alt 9 d'Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995 a aisghairm agus alt nua a chur ina ionad.

**1**.—Leasaítear leis seo Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 9:

"An líon gnáthbhreithiúna san Ard-Chúirt.

9.—(1) Ní mó ná 22 an líon gnáthbhreithiúna a bheidh san Ard-Chúirt.

(2) Cuirfear an mhír seo a leanas in ionad mhír (*b*) (arna cur isteach le hAcht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995) d'alt 14 (1) den Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975:

'(*b*) más rud é, ar é nó í a cheapadh amhlaidh, gurb é nó í Uachtarán na hArd-Chúirte nó gur gnáthbhreitheamh den Ard-Chúirt é nó í, ansin, fad a shealbhóidh sé nó sí an oifig bhreithiúnach a shealbhaigh sé nó sí ar é nó í a cheapadh amhlaidh—

(i) ní mó ná 23 an líon gnáthbhreithiúna a bheidh san Ard-Chúirt, agus

(ii) déanfar an tagairt in alt 9 (1) (arna chur isteach le *hAcht na gCúirteanna, 1997*) d'Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995 do 22 a fhorléiriú mar thagairt do 23, agus'.".

Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.

**2**.—(1) Féadfar Acht na gCúirteanna, 1997 a ghairm den Acht seo.

(2) Déanfar Achtanna na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 go 1996 agus an tAcht seo a fhorléiriú le chéile mar aon Acht amháin agus féadfar Achtanna na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 go 1997 a ghairm díobh le chéile.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€1.27

Wt. _. 22. 1/21. Essentra. (68699). Gr.30-15.

ISBN 978-1-4468-6048-9